



Tamall ag guí i láthair na hEocairiste

i gCill Éinde, An Spidéal
Gach Satharn 10am—11am
Páidrín gach Domhnach
@ 5.00i.n.
Fáilte roimh cách

Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:

Cill Éinde (Paróiste)
 IBAN: IE81AIBK93740104660088
 BIC: AIBKIE2D

Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)
 IBAN: IE50AIBK93740104660161
 BIC: AIBKIE2D

Oibreacha deisiúcháin riachtanacha
 IBAN IE02AIBK937401046608 31

Tacaíocht Airgeadais an Pharóiste

Beidh na clúdaigh nua do 2027 á ordú anois. Arís, impím ar dhaoine na clúdaigh seo a úsáid mar go gcabhraíonn siad le ioncam an pharóiste a choinneáil leibhéal ó sheachtain go seachtain. Cabhraíonn siad go speisialta i gcás daoine a íocann cáin, mar go mbíonn an paróiste in ann an cáin a fháil ar ais. Má tá daoine nua atá sásta bosca a thógáil, bhéinn an-bhuíoch ach an fhoirm a líonadh.

(Tá na foirmeacha ar fáil ag na doirse) agus san Oifig nó ríomphoist a sheoladh chuig cilleinde@outlook.ie.

Seiteanna sa Spidéal ag tosú arís!



Lá: Luan 14ú Meán Fómhair (agus chuile orche Dé Luain)

Áit: Coláiste Chonnacht

Am: 7.30 – 9.00 IN

Costas €5 ar gach rang

Glac misneach agus bí linn!
 Fáilte Roimh Chách!

Bain díot do chóta & cuir ort do bhréag!



Molaigí an Tiarna

Curfá

Molaigí an Tiarna, Molaigí an Rí,
 Molaigí ár Slánaitheoir, Molaigí an Críost.
 Molaigí an Tiarna, Molaigí an Rí,
 Molaigí ár Slánaitheoir, Molaigí an Críost.

Véarsa

Tagaigí ag damhsa, Tagaigí ag caint,
 Tagaigí ag canadh, Tagaigí ag seinnt.
 (Curfá)

Véarsa

Canaigí go glórmhar, Canaigí go hard,
 Canaigí go croíúil, Canaigí le grá. (Curfá)

Le háthas is le lúcháir Dé

Le háthas is le lúcháir Dé a scarfaimid anois,
 Mar i gcosa láidre Dé a bheas ár siúl.
 I súile caoine Dé a fheicfear a chéile
 Is dóchas Dé a thabharfaidh misneach dhúinn
 Agus Alleluia.

Le Spiorad Dé a oibreoidimid an tseachtain romhainn anois,
 Is síocháin Dé a líonfaidh suas ár gcroí.
 Le briathra Dé a labhróimid go cneasta dearfa binn,
 ‘S le háthas Dé a fhíllfimid arís
 Agus Alleluia.

Fógra

Beidh Oifig an Pharóiste dúnta ó
26/10/2026 -3/11/2026

Ceardlann Feiltithe (Free Felting Workshop)

Ceardlann saor in aisce Dé Máirt 27ú
 Deireadh Fómhair, 6-8pm, sa tSeanscoil, Na Minna, Indreabhán.
 Le clárú,
 glaoigh ar Peter Lydon: 0852675863



Deireadh Fómhair

Mí an Pháidrín

PARÓISTE AN SPIDÉIL
30 DOMHNACH A
25 DEIREADH FÓMHAIR 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
 Oifig: 083 8126745 [Ríomhphost: cilleinde@outlook.ie](mailto:Ríomhphost:cilleinde@outlook.ie)
Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin,
Dé hAoine 10.00-2.00

Aifrinn & Intinní na Seachtaine

Cill Éinde, Spidéal

Dé Domhnaigh	25ú	11.00r.n	Joe Steve Ó Neachtain (Cuimhneachán breithlae) <i>Cré Dhubh</i> Pat Kirwan <i>Baile an Chaisleáin/Laois</i> Pat Pádraic Tom Ó Conghaile & a bhean Máire <i>Leitir Péc</i> Máirtín Tim Ó Flátharta(Cuimhneahán Breithlae) <i>Baile an tSléibhe</i>
Dé Céadaoin	28ú	10.00r.n	Patricia Egan Céad Cuimhneachán <i>Derrybrien</i> Joe Egan 40ú Cuimhneacháin <i>Coilleach</i>
Déardaoin	29ú	10.00r.n	John Mc Donagh <i>Cré Dhubh</i>
Dé hAoine	30ú	10.00r.n	<i>Missa Pro Populo</i>
Dé Domhnaigh	1ú	11:00r.n	Máirtín Ó Curraoin , a bhean Máire & a mhuintir <i>Baile Éamoinn</i>

Cill Treasa, Ros a'Mhíl,

Dé Sathairn	24ú	6.30i.n.	Seánin Griffin 20ú Cuimhneacháin <i>Coileán/Ceathrú Rua</i> Deirdre Pheaitín Terri & fear céile Seanín Pheaitín Mhairtín <i>Ros a'Mhíl</i> Maggie & Roddy Ó Conghaile <i>Ros a'Mhíl</i> Mary Uí Chonghaile (fuair bás le gairid) <i>Gleann Chatha/Rosmuc</i>
Dé Sathairn	31ú	6:30i.n.	Máire Costello 4ú Cuimhneachán <i>Doire Choill</i> Seán Leinde <i>Na Doireadh</i>

Cill Mhuire, Na Minna

Dé Domhnaigh	25ú	9:30am	
Dé Domhnaigh	1ú	9:30am	<i>Missa Pro Populo</i>

Loinneog don Iontróid – Sm 104:3-4
Bíodh áthas croí ar an muintir a lorgaíonn an Tiarna. Lorgaígí an Tiarna agus a chumhacht, agus ná téadh aon stad oraibh ach ag iarraidh radhairc ar a ghnúis.

Gníomh Aithrí
Tusa a seoladh chun na daoine atá croíbhruíte a shlánú: *A Thiarna, déan trócaire. A Thiarna, déan trócaire.*

Tusa a tháinig chun glaoch ar na peacaigh: *A Chríost, déan trócaire. A Chríost, déan trócaire.*

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, chun idirghuí ar ár son: *A Thiarna, déan trócaire. A Thiarna, déan trócaire.*

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

An Ghlóir
Glóir do Dhia sna harda, agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola. Molaimid thú; móraimid thú; adhramid thú; tugaimid glóir duit; gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire; a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.
A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar, tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.

Urnaí
A Dhia uilechumhachtaigh shíoraí, tabhair dúinn breis creidimh, dóchais agus grá. Go ndéanaimid rud ort le fonn agus go dtuillimid a bhfuil geallta agat. Sin é á nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht
Sliocht as leabhar Exodus – 22:20-26
Dúirt an Tiarna le Maois: ‘Abair é seo le clann Isráél: “Ní dhéanfaidh sibh éagóir ar dheoraí ná leatrom, mar ba dheoraithe sibh féin i gcríocha na hÉigipte. Ní bhuaifidh sibh baintreach ná dílleachta. Má dhéanann sibh buaireamh dóibh agus go dtagann a nglao chugam, éistfidh mé leo, éistfidh sin. Adhnaídh m’fhearg agus maróidh mé sibh leis an gclaíomh, agus fágfar bhur mná gan chéile agus bhur gclann gan athair.

“Má thugann sibh iasacht airgid d’aon bhochtán den phobal le bhur n-ais, ní imreoidh sibh cleas an úsaire air ná ní éileoidh sibh ús uaidh.
“Má thógann sibh riamh brat duine mar gheall, tabharfaidh sibh ar ais dó é roimh luí na gréine; óir sin

a bhfuil aige d’éadach, sin é an brat a bhíonn faoina chorp aige, agus cad eile atá aige le codladh ann? Agus má ghlaonn sé orm, tabharfaidh mé cluas dó, mar is truachroíoch mé.”’
Briathar an Tiarna. Buíochas le Dia.

Salm le Freagra – Sm 17
Freagra: Mo ghrá thú, a Thiarna, mo neart thú.

1. Mo ghrá thú, a Thiarna, mo neart thú, mo charraig thú, mo dhaingean is mo shlánaitheoir. (Fr)
2. Mo Dhia thú, mo charraig, is mo dhéan; mo sciath, adharc mo shlánaithe mo dhún. Glaoim ar an Tiarna dar dleacht moladh agus déantar mo shaoradh ó mo naimhde. (Fr)
3. Go maire an Tiarna! Is é mo charraige é! Go raibh Dia mo shlánaitheoir á mhóradh. Thug sé caithréimeanna dá Rí agus nocht sé a ghrá dá Ungthach. (Fr)

An Dara Léacht *Teasalónaigh – 1:5-10*
Sliocht as céadlitr N. Pól chuig na Teasalónaigh
A bhráithre, tá a fhios agaibh mar a thugamar ár saol, fad a bhíomar in bhur measc, ar mhaithe libh. Agus rinne sibhse aithris orainn agus ar an Tiarna féin, mar d’ainneoin gach anacra ghlac sibh leis an teachtaireacht uainn le lúcháir an Spioraid Naomh, ar shlí go raibh sibh mar shampla ag a bhfuil de chreidimh sa Macadón agus in Acháia. Mar is uaibhse amach a leath teachtaireacht Dé, agus ní sa Macadón agus in Acháia amháin é, agus tá scéal bhur gcreidimh i nDia scaipthe san uile áit, i dtreo nach gá dúinne aon ní a rá faoi. Tá na daoine féin ag cur síos ar an bhfáilte a chuir sibh romhainn agus mar a thug sibh bhur gcúl leis na déithe bréige agus mar a thiontaigh sibh chun Dé chun dul ag seirbhís don fhíorDhia beo agus chun feitheamh lena Mhac Íosa a theacht ó na flaithe – an Mac a thóg sé ó mhairbh agus atá dár bhfuascailt ón díbheirg atá le teacht.
Briathar an Tiarna. Buíochas le Dia.

Alleluia, alleluia!
Oscail ár gcróí, a Thiarna, chun aird a thabhairt ar bhriathra do Mhic.
Alleluia!

Soiscéal *Matha – 22:34-40*
Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha

Nuair a chuala na Fairisínigh nár fhág Íosa focal ag na Sadúsínigh, chruinnigh siad féin le chéile, agus duine acu a bhí ina dhlíodóir, chuir sé ceist air ag baint trialach as: ‘A Mháistir, cén aithne mhór sa dlí?’ Dúirt sé leis: ‘ “Gráóidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d’anam go hiomlán agus ó d’aighe go

hiomlán”: is í sin an aithne mhór agus an phríomhaithne. Agus is cosúil léise an dara ceann: “Gráóidh tú do chomharsa mar thú féin.” Ag brath ar an dá aithne sin atá an dlí ar fad agus na fáithe.’
Soiscéal an Tiarna. Moladh duit, a Chríost.

An Chré
Creidim in aon Dia amháin, an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe. Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost, Mac Aonghine Dé, an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann, Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia; an té a gineadh agus nach ndearnadh, agus atá de chomhshubstaint leis an Athair: is tríd a rinneadh an uile ní. Ar ár son-na, an cine daonna, agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh. Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naomh é i mbroinn na Maighdine Muire agus ghlac sé nádúr daonna. Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d’fhulaing sé páis, agus adhlacadh é. D’aiséirigh an treas lá de réir mar a d’fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar. Tíocfaidh sé an athair faoi ghlóir, le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht. Creidim sa Spiorad Naomh, Tiarna agus bronntóir na beatha, an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac. Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhairt trí na fáithe. Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda. Adhmaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí. Agus táim ag súil le haiséirí na marbh, agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.

Liotúirge na hEocairiste

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha, chun onóra agus glóire a ainm, chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

Os Cionn na nOfrálacha
Bíodh fáilte agat roimh na tabhartais seo a ofrálaímid duit, a Rí na bhfeart. Go dtuga an t-ómós seo dár gcuid an ghlóir is dual duit. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**
Rúndiamhair an chreidimh.
A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a

shaor muid trí do chros agus trí d’aiséirí.

An Comaoineach

Iarchomaoineach
A Thiarna, cuir bláth ar an ngrá a roinntear orainn sa tsacraimint seo. Go dté an ceiliúradh diamhrach seo i bhfeidhm go tréan ar ár saol as seo amach. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

An Deasghnáth Deiridh
Go raibh an Tiarna libh. Agus le do spiorad féin. Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. Amen.

Cumann Staire agus Seanchais Chois Fharraige
Léacht agus comhrá dar teideal

Sracfhéachaint ar an Spidéal

Le Seán Ó Neachtain

8pm Dé Máirt, 27 Deireadh Fómhair
i gColáiste Chonnacht
Fáilte roimh chách



Litreacha na Marbh le cuir isteach an tSeachtain seo.